Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÄNNYSTRIE O
Lear

Rathgael House
43 Balloo Road
Rathgill
Bangor
BT19 7PR

**ÁBHAR:**
**ATHFHOSTÚ MUINTEOIRí A CHUAIGH AR LUATHSCOR**

**UIMHIR CHIORCLÁIN: 2011/07**
**DÁTA EISIÚNA: 15 Aibreán 2011**

**Sprioclucht:**

- Príomhoidí, Leas - Phríomhoidí agus Múinteoiri i Scoileanna Deontaschúnta
- Boird Ghobharnóirí i Scoileanna Deontaschúnta
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle na Gaelscolaíochta;
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha
- Cumann Bhoird Rialaithe na Scoileanna Gramadaí; agus
- Ceardchumainn mhúinteoirí

**ACHOIMRE AR ÁBHAR:**

Tugann an ciorclán seo Comhairle ar athfhostú múinteoirí a chuaigh ar luathscor

**FIOSRÚCHÁIN:**

Cuirtear aon fhiosrúcháin faoi ábhar an Chiorcláin seo chuig:

Paul Finnegan
An Brainse um Idirbheartaíocht le Múinteoirí agus um Polasaí Pinsin
An Roinn Oideachais
Teach Rath Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR BT19 7PR

**STÁDAS AN ÁBHAIR:**

Comhairle
**DOICIMÉID GHAOLMHARA:**

**DOICIMÉID CHEALAITHE:**

Ciorclán 1991/34
Ciorclán 1992/36

**DÁTA ÉAGA:**

Ní bhaineann

**SUÍOMH GREASÁIN AN RO**

Tá an ciorclán seo le fáil ag http://www.deni.gov.uk

**TEIL:** 028 91 279279

**FACS:** 028 91 279100

INVESTORS IN PEOPLE

## ATHFHOSTÚ MÚINTEOIRÍ A CHUAIGH AR LUATHSCOR

1. Tá imní go fóill ar an Roinn faoin nós atá ann ar fad múinteoirí a chuaigh ar luathscor a fhostú agus faoin chostas a bhaineann leis

2 I gcomhthéacs an chiorcláin seo, ní thagraíonn an téarma "múinteoir a chuaigh ar luathscor" **ach** do mhúinteoir:

- Ar cuireadh deireadh lena f(h)ostaíocht ar fhoras iomarcaíochta nó ar mhaithe le feidhmiú an fhostóra a chomhlíonadh go héifeachtach; **agus**
- Atá ag fáil pinsean múinteora; **agus**
- A fuair cúiteamh lánroghnach i bhfoirm chreidiúint seirbhíse breise (blianta breise)

3. Ar an 25 Samhain d'fhoilsigh an Coiste um Chuntais Phoiblí a Thuairisc Leantach ar Bhainistiú Clúdach Ionaid do Mhúinteoirí. Léirigh an Coiste imní faoin nós atá ann go fóill agus faoin chostas a bhaineann le scoileanna bheith ag fostú múinteoirí a chuaigh ar luathscor

4. Tá an Roinn ag moladh le fada gur chóir d'fhostóirí tosaíocht a thabhairt do mhúinteoirí nuacháilithe nó do mhúinteoirí nach bhfuil ar scor a bhfuil taithí acu atá ag iarraidh filleadh ar an fhostaíocht nuair atá siad (na fostóirí) ag líonadh folúntas, lena n-áirítear na folúntais siúd atá sealadach.

5. Tá breis agus 8,000 múinteoirí cláraithe ar Chlár Mhúinteoirí Ionaid Thuaisceart Éireann (CMITÉ) nach bhfuil a dtromlach ar luathscor agus tá cuid mhór acu nuacháilithe nó cáilithe le déanaí. Na múinteoirí a chuaigh ar luathscor agus a fuair blianta breise, tá cúiteamh fial faighte acu as éirí as an fhostaíocht go luath.

6. Níor chóir múinteoirí a chuaigh ar luathscor a fhostú ach i gcúinsí eisceachtúla. Is é an sainmhíniú atá ag an Roinn ar chúinsí eisceachtúla ná cúinsí nuair nach bhfuil fáil ar mhúinteoirí nach ndeachaigh ar luathscor agus nuair nach raibh sé ar chumas na scoile a leithéid de mhúinteoir a aimsiú trí CMITÉ. Is sna cúinsí seo amháin ba chóir múinteoir a chuaigh ar luathscor a fhostú agus níor chóir a leithéid de mhúinteoir a fhostú ach ar feadh an achair ama is gá le múinteoir nuacháilithe nó le múinteoir nach ndeachaigh ar luathscor a aimsiú trí CMITÉ

Leanfaidh an Roinn go rialta de bheith ag tabhairt dúshlán fostóirí a athfhostaíonn múinteoirí a chuaigh ar luathscor .